Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 15 Meitheamh 2018
(OR. en)

10153/18
ADD 3

**Comhaid Idirinstitiúideacha:**
**2018/0249 (COD)**
**2018/0250 (COD)**
**2018/0248 (COD)**

JAI 651
FRONT 174
ASIM 77
MIGR 85
CADREFIN 112
IA 209
CODEC 1082

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ard-Rúnaí an Choimisiúin Eorpaigh,<br>arna shíniú ag Jordi AYET PUIGARNAU, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 13 Meitheamh 2018 |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | SWD(2018) 348 final |
| Ábhar: | DOICIMÉAD INMHEÁNACH OIBRE DE CHUID AN CHOIMISIÚIN ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN AR AN MEASÚNÚ TIONCHAIR a ghabhann leis an doiciméad Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear an Ciste Tearmainn agus Imirce<br>Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear an Ciste Slándála Inmheánaí<br>Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear, mar chuid den Chiste um Bainistiú Comhtháite Teorainneacha, an ionstraim le haghaidh tacaíocht airgeadais do bhainistiú teorainneacha agus do víosaí<br>Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear, mar chuid den Chiste um Bainistiú Comhtháite Teorainneacha, an ionstraim le haghaidh tacaíocht airgeadais do threalamh rialaithe custaim |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad SWD(2018) 348 final.

---

Faoi iamh: SWD(2018) 348 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

Strasbourg, 12.6.2018
SWD(2018) 348 final

**DOICIMÉAD INMHEÁNACH OIBRE DE CHUID AN CHOIMISIÚIN**

**ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN AR AN MEASÚNÚ TIONCHAIR**

***a ghabhann leis an doiciméad***

**Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear an Ciste Tearmainn agus Imirce**

**Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear an Ciste Slándála Inmheánaí**

**Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear, mar chuid den Chiste um Bainistiú Comhtháite Teorainneacha, an ionstraim le haghaidh tacaíocht airgeadais do bhainistiú teorainneacha agus do víosaí**

**Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear, mar chuid den Chiste um Bainistiú Comhtháite Teorainneacha, an ionstraim le haghaidh tacaíocht airgeadais do threalamh rialaithe custaim**

{COM(2018) 471} - {COM(2018) 472} - {COM(2018) 473} - {COM(2018) 474} - {SWD(2018) 347} - {SEC(2018) 315}

## 1. RÉAMHRÁ

Ní mór foráil bhuiséadach fhadtéarmach a dhéanamh i gcreat airgeadais ilbhliantúil an Aontais i ndiaidh 2020 maidir le tearmann, bainistiú imirce, bainistiú comhtháite teorainneacha (lena n-áirítear trealamh um rialú custaim) agus slándáil inmheánach (lena n-áirítear an comhrac in aghaidh na sceimhlitheoireachta) agus ní mór a áirithiú go mbeidh cistiúchán leordhóthanach ar fáil chun tacú le huaillmhian an Aontais sna réimsí sin. Tá sé sin ar cheann de na conclúidí sa *Pháipéar machnaimh ar a bhfuil i ndán do bheartais airgeadais an Aontais Eorpaigh*[1] agus tacaíodh leis i gcomhairliúcháin le páirtithe leasmhara. Leagtar amach sa mheasúnú tionchair an smaoineamh atá taobh thiar de thograí an Choimisiúin maidir le cistí an Aontais a bhunú sna réimsí thuas.

## 2. NA DÚSHLÁIN

Thaispeáin géarchéim na himirce in 2015 gur gá do na Ballstáit oibriú le chéile chun déileáil go héifeachtach agus i ndlúthpháirtíocht le **dúshláin a bhaineann le himirce**. Freagairt chuimsitheach a bhí sa chlár oibre Eorpach maidir leis an imirce agus beidh cur chun feidhme agus bainistiú an chláir oibre sin mar chuid de ról an Aontais sna blianta atá amach romhainn. Tá gá le tacaíocht chun **rialú éifeachtach theorainneacha seachtracha an Aontais a áirithiú** chomh maith le feidhmiú cuí limistéar Schengen, agus imirce neamhrialta a chosc, agus ag an am céanna taisteal dlisteanach a éascú. Tá gá le tacaíocht freisin chun **tacú leis an aontas custaim agus leis na húdaráis chustaim i ndáil le rialuithe ar earraí ag teorainneacha seachtracha an Aontais**, chun leasanna airgeadais agus eacnamaíocha an Aontais agus na mBallstát a chosaint, chun sábháilteacht agus slándáil laistigh den Aontas a áirithiú agus chun an tAontas a chosaint ó thrádáil atá éagórach agus mídhleathach agus ag an am céanna gníomhaíocht dhlisteanach ghnó a éascú. Éilítear le **bagairtí slándála** a thagann as an sceimhlitheoireacht, an choireacht eagraithe agus an chibearchoireacht, a bhfuil gné thrasteorann ag baint leo go léir, freagairt chuimsitheach, mar a leagtar amach sa chlár oibre Eorpach maidir leis an tslándáil. Tá saoránaigh na hEorpa ag brath ar an Aontas Eorpach agus ar na rialtais náisiúnta chun slándáil a sholáthar i ndomhan atá ag athrú go tapa agus a bhfuil neamhchinnteacht ag baint leis.

Chun freagairt láidir agus struchtúrach ón Aontas Eorpach do na dúshláin sin a chur i bhfeidhm, tá gá le tacaíocht airgeadais ón Aontas atá ceaptha an leibhéal is airde de bhreisluach an Aontais a sholáthar. Léirítear le meastóireachtaí go bhfuil na cistí atá ann cheana féin éifeachtach ach gur gá iad a fheabhsú: solúbthacht agus simpliú níos mó maidir lena soláthar, comhleanúnachas agus comhsheasmhacht níos mó le cistí ábhartha eile de chuid an Aontais agus córais faireacháin agus mheastóireachta níos iomláine atá dírithe ar thorthaí.

## 3. AILTIREACHT NA gCISTÍ AGUS CUSPÓIRÍ

Cumhdófar cnuasach na himirce, na dteorainneacha agus na slándála i mbuiséad an Aontais amach anseo le cheithre ionstraim faoi thrí chiste.

Rannchuideoidh an **Ciste Tearmainn agus Imirce** le sreafaí imirce a bhainistiú go héifeachtúil tríd an gcomhchóras Eorpach tearmainn a neartú, trí thacaíocht a thabhairt don imirce dhlíthiúil chun na hEorpa agus trí rannchuidiú le náisiúnaigh tríú tír a lánpháirtiú go

[1] https://ec.europa.eu/commission/publications/reflection-paper-future-eu-finances_en

héifeachtach sna Ballstáit, agus ag an am céanna na beartais um fhilleadh ar thíortha nach tíortha den Aontas Eorpach iad agus um athligean isteach iontu a fheabhsú go suntasach, agus trí dhlúthpháirtíocht agus comhroinnt na freagrachta idir na Ballstáit a fheabhsú. Leis an gciste beifear ábalta tacú le gníomhaíocht a bhaineann leis an imirce i dtíortha nach tíortha den Aontas Eorpach iad, ar bhonn comhleanúnachais agus sineirgíochta le gníomhaíocht sheachtrach an Aontais.

Beidh dhá chomhpháirt sa **Chiste um Bainistiú Comhtháite Teorainneacha**, agus beidh a leithdháileadh buiséadach féin ag gach comhpháirt. Tacóidh an chomhpháirt a bhaineann le **bainistiú teorainneacha agus víosaí** le bainistiú comhtháite teorainneacha san Eoraip a chur chun feidhme chomh maith leis an gcomhbheartas víosaí, d'fhonn an imirce neamhrialta a chomhrac agus chun taisteal dlisteanach a éascú. Rannchuideoidh an chomhpháirt a bhaineann le **trealamh um rialú custaim** le rialuithe custaim atá leordhóthanach agus coibhéiseach trí threalamh um rialú custaim atá ábhartha, úrscothach agus iontaofa a cheannach, a chothabháil agus a uasghrádú.

Rannchuideoidh an **Ciste Slándála Inmheánaí** le hardleibhéal slándála a áirithiú san Aontas trí dhul i ngleic le sceimhlitheoireacht agus le radacú, le coireacht eagraithe agus cibearchoireacht, agus trí chúnamh agus cosaint a thabhairt d'íospartaigh na coireachta.

***Sineirgíochtaí le hionstraimí cistiúcháin eile de chuid an Aontais***

Cé is moite de shineirgíochtaí idir na ceithre ionstraim seo, bunófar sineirgíochtaí freisin idir an Ciste Tearmainn agus Imirce agus na comharbaí ar Chistí Struchtúracha agus Infheistíochta na hEorpa, maidir le **lánpháirtiú** náisiúnach tríú tír, agus maidir le bonneagar glactha a thógáil agus a chothabháil agus maidir leis an **ionstraim sheachtrach,** ar ionstraim í a bheidh **dírithe go mór ar an imirce**. Sa chomhthéacs sin, déanfar an obair chun dul i ngleic le bunchúiseanna na himirce agus chun athimeascadh inbhuanaithe sna tíortha baile a chur chun cinn a chalabrú go cúramach.

Maidir leis an gCiste um Bainistiú Comhtháite Teorainneacha agus Víosaí agus maidir leis an gCiste Slándála Inmheánaí, bunófar sineirgíochtaí le hionstraimí eile sna réimsí a bhaineann le **slándáil mhuirí agus le faireachas muirí**, le taighde slándála, le **slándáil bhonneagair agus spásanna poiblí, cibearshlándáil, radacú a chosc** agus le hionstraimí cistiúcháin de chuid an Aontais a thacóidh leis an **ngné sheachtrach den bhainistiú teorainneacha agus den tslándáil**. Maidir leis an trealamh um rialú custaim, bunófar sineirgíochtaí go háirithe leis an **gclár custaim.**

## 4. SÁSRAÍ SEACHADTA AN CHISTIÚCHÁIN ATÁ BEARTAITHE

Cuirfidh na Ballstáit agus an Coimisiún an Ciste Tearmainn agus Imirce, an Ionstraim Bainistithe Teorainneacha agus Víosaí, agus an Ciste Slándála Inmheánaí chun feidhme trí mhodh na **bainistíochta roinnte** den chuid is mó, agus áiritheofar leis sin go dtacófar le tosaíochtaí an Aontais sna stáit rannpháirteacha go léir agus go mbeidh an cistiúchán intuartha. Déanfar é a chomhlánú le bainistíocht **dhíreach** agus ar shlí theoranta, le **bainistíocht indíreach**. Déanfar an Ionstraim um Threalamh Rialaithe Custaim a chur chun feidhme trí **bhainistíocht dhíreach**, i bhfoirm deontas go príomha.

De bhrí go bhfuil dúshláin i réimse na himirce agus na slándála ag teacht chun cinn de shíor, beidh an **tsolúbthacht** ina príomhghné de na cistí nua sin. Áiritheoidh sásraí nua, amhail an tsaoráid théamach agus athbhreithniú meántéarma (coigeartú teicniúil agus athbhreithniú ar fheidhmíocht), go bhféadfar leithdháileadh na gcistí a chur in oiriúint d'athruithe ar shreafaí imirce, do bhrúnna ag teorainneacha agus do bhagairtí slándála, agus go bhféadfar cistí a stiúradh i dtreo na dtosaíochtaí de chuid an Aontais a bhfuil an breisluach is mó ag gabháil leo. Ina theannta sin, déanfar bainistiú na gcistí a **shimpliú** trí bhíthin comhleanúnachas níos mó leis na rialacha is infheidhme ar bhainistíocht roinnte agus ar bhainistíocht dhíreach ('leabhar rialacha aonair').

## 5. CONAS A DHÉANFAR FAIREACHÁN AGUS MEASTÓIREACHT AR FHEIDHMÍOCHT?

Feabhsófar an creat faireacháin agus meastóireachta chun feidhmíocht thráthúil a spreagadh agus chun a áirithiú go bhféadfaidh na meastóireachtaí ionchur éifeachtach a sholáthar d'aon athbhreithnithe ar idirghabháil bheartais amach anseo. Déanfar é sin trí bhíthin táscairí níos fearr, comhar níos dlúithe leis na comhpháirtithe ábhartha agus sásra chun feidhmíocht a dhreasú.